



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers



FGL Lá 2 – Gaeilge (T2)

Lámhleabhar

Clár

Ábhar Tacaíochta.....	3
Príomhtheachtaireacht an Lae.....	4
Gluais.....	5
Teimpléad Pleanála (2017-2018).....	6-7

Seisiún 1:

Pleanáil Chomhtháite 1 (Torthaí Foghlama).....	8
Gníomhaíocht 1: Athruithe Cleachtas.....	8
Gníomhaíocht 2: Caint agus Roinnt.....	8
Gníomhaíocht 3: Roghnú na dTorthaí Foghlama.....	8
Gníomhaíocht 4: Machnamh ar na Blurbaí.....	8


Seisiún 2:

Pleanáil Chomhtháite 2 (Eispéireas Foghlama)	9
Torthaí Foghlama: Cumas Cumarsáide.....	9-10
Torthaí Foghlama: Feasacht Teanga agus Chultúrtha.....	11
Torthaí Foghlama: Féinfheasacht an Fhoghlaimeora.....	12
Gníomhaíocht 1: Na Gnéithe Suntasacha.....	13
Gníomhaíocht 2: Spotsholas ar na Gníomhbhriathra.....	13
Gníomhaíocht 3: Gníomhphointí do mo Chleachtas Pearsanta.....	13

Seisiún 3:

Pleanáil Chomhtháite 3 (Measúnú Foirmitheach).....	14
Gníomhaíocht 1: Eispéireas Foghlama a Dhearadh.....	14
Gníomhaíocht 2: Intinní Foghlama a Chumadh.....	14
Gníomhaíocht 3: Critéir Ratha a Chumadh.....	14
Critéir Ratha agus Rúibric.....	15
Nótaí.....	16

FGL sa Ghaeilge ón tSSM




Ábhar Tacaíochta

www.jct.ie

Sonraíocht T2

www.curriculumonline.ie



Planáil


Suíomh Gréasáin

Gaeilge



Tacaíocht

Acmhainní Pleanála Físghabhálacha Scáileáin




Tacaíocht


Acmhainní don Tairpeadaó



www.powtoon.com



www.tellagami.com



www.vocaroo.com

Tacaíocht

Príomhcheartaíreacht an Lae



Comhoibriú



Comtáú



Measúnú Foirmiteac

Gluais

Torthaí Foghlama

Is ráitis iad na Torthaí Foghlama a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa tSraith Shóisearach.

Aonad Foghlama

Fócas na foghlama thar thréimhse ama.

Comhtháthú na Litríochta

Sa chéad bhliain, leagfar bunchloch do shaothrú na litríochta sa dara agus sa tríú bliain. Gheobhaidh an scoláire blaiseadh de sheánraí éagsúla. Tugann an léitheoireacht agus an litríocht deiseanna foghlama nach bhfuil ar fáil in áit ar bith eile. Tugann siad deiseanna do scoláirí teacht ar fhocail, nathanna agus structúir nua a chothaíonn sealbhú na teanga; teanga atá saibhir cruinn agus a bhfuil canúintí, saíocht agus oidhreacht na Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil inti. Tríd an chur chuige comhtháithe, tacaíonn an litríocht leis na torthaí foghlama a chur i ngníomh; ag cabhrú leis an scoláire an teanga agus litearthacht a shealbhú, le scileanna criticiúla agus cruthaitheachta a fhorbairt le tuiscintí cultúrtha a threisiú agus le forás pearsanta na scoláirí a chothú. Is ionann sin is a rá is go bhfuil an litríocht fite fuaite le gach rud eile atá ag dul ar aghaidh sa rang le comhthéacs teanga níos saibhre a fhorbairt, seachas gníomhaíochtaí an ranga a scaradh idir litríocht agus ceachtanna eile.

Eispéireas Foghlama

Soiléirítear fócas an Aonaid Foghlama trí Eispéireas Foghlama a dhearadh, a chuimsíonn: roghnú na bpointí measúnaithe ar eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire, liostáil na gcéimeanna atá le tógáil chun dul i dtreo an phointe sin, liostáil na scileanna a bheidh ag teastáil ó na scoláirí chun na céimeanna sin a thógáil, liostáil na bhféidearthachtaí idirghníomhaithe, liostáil na bhféidearthachtaí úsáide teicneolaíochta agus cumadh na nIntinní Foghlama.

Intinní Foghlama

Is ráiteas é an intinn foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna, ráiteas a chuireann síos go soiléir cad é is mian leis an múinteoir a bheadh ar eolas ag na scoláirí, a thuigfeadh siad, agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.

Critéir Ratha

Bíonn na critéir ratha nasctha leis na hintinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh ar chaighdeán foghlama scoláirí.

Teimpléad Pleanála (2017/2018)

Bliain: _____ **Fad an aonaid:** _____ seachtaine*

**Le plean roinne, braithfidh fad an aonaid ar chumas an ranga, ar líon na dtéacsanna a roghnaítear le dul i ngleic leo agus ar an gcaoi ina gcuireann múinteoirí ranga na féidearthachtaí roghnacha in oiriúint dá ranganna féin.*

Na Torthaí Foghlama (féidearthachtaí le roghnú astu*):

Cumas Cumarsáide:

Feasacht Teanga agus Chultúrtha:

Féinfheasacht an Fhoglaimeora:

**Ní mór Torthaí Foghlama a roghnú as na trí shnáithe. Beidh eolas ar réamhfhoghlaim na scoláirí mar threoir do roghnú na dTorthaí Foghlama. Cuimhnigh gur cheart go mbeadh Eispéireas Foghlama agus Deiseanna Measúnaithe ag teacht le cibé Torthaí Foghlama atá roghnaithe.*

Téacsanna litríochta agus téacsanna tacúla eile chun cur leis an aonad foghlama (féidearthachtaí)

Aonad Foghlama bunaithe ar _____ *:

**Le dearadh ag brath ar na Torthaí Foghlama a roghnaíonn an múinteoir le diriú orthu.*

Eispéireas Foghlama agus Deiseanna Measúnaithe*:

-
-
-
-
-
-
-
-

**Braithfidh na féidearthachtaí don fhoghlaim agus don mheasúnú ar réimse spéise agus cumais na scoláirí agus ar líon na dtascanna a roghnaíonn múinteoir(i) a dhéanamh laistigh den aonad. Tá sé tábhachtach eispéireas foghlama agus deiseanna measúnaithe a sholáthar a fhreastlóidh ar riachtanais dhifreálaithe na scoláirí.*

Machnamh an Mhúinteora ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim*:

**Chun treoir a fháil don mhachnamh iaraonaid, féach an liosta ceisteanna a mholann Michael Absolum (Clarity in the Classroom, 2010) dúinn a chur orainn féin mar mhúinteoirí. Tá siad ar fáil ar bhileog ar leith sa bhforannóg pleanála i rannóg na Gaeilge ar shuíomh idirlín SSM (JCT – www.jct.ie).*

Pleanáil Chomhtháite 1: Torthaí Foghlama

G.1

Athruithe Cleachtais

Cad iad na hathruithe a chuir mé i bhfeidhm i mo sheomra ranga i mbliana?

Athruithe	1.	
	2.	
	3.	

G.2

Caint agus Roinnt

Taithí ar na Torthaí Foghlama

G.3

Roghnú na dTorthaí Foghlama

Pleanáil Chomhoibríoch

Na cinn a roghnaigh mé féin

Na cinn a roghnaigh 'an Roinn'

G.4

Machnamh ar na Blurbaí

Torthaí Foghlama na Gaeilge

Snáithe 1: Cumas cumarsáide

Forbheathnú gairid ar an snáithe: Cuimsíonn cumas cumarsáide ábaltacht an scoláire sna cúig scil seo a leanas: éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríobh atá ag teastáil uaidh chun cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí eile. Bíonn ar chumas an scoláire feidhmiú i suíomhanna idirphearsanta cumarsáide. Bíonn ar a chumas príomhtheachtaireachtaí na cumarsáide a thuiscint agus a úsáid. Baineann sé taitneamh as a bheith páirteach sa chumarsáid le húsáideoirí eile agus as idirghníomhú leo. Léann sé raon leathan téacsanna, téacsanna ilmhódacha san áireamh atá in úsáid sa phobal teanga¹ agus baineann sé tuiscint as na príomhtheachtaireachtaí atá iontu. Cumann sé a théacsanna ábhartha féin le haghaidh cumarsáide le húsáideoirí eile.

Gnéithe	Torthaí Foghlama <i>Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire</i>
Éisteacht	<p>1.1 príomhtheachtaireachtaí na cumarsáide Gaeilge bainteach leis an ngnáthshaol a thuiscint chomh fada is atá an chaint ar ghnáthluas agus soiléir</p> <p>1.2 sonraí áirithe ar ghnáthnithe coitianta sa chaint a aithint</p> <p>1.3 léiriú ar thaitneamh a bhaint as éisteacht le Gaeilge</p> <p>1.4 ábhar agus foinsí éisteachta a roghnú agus a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha</p> <p>1.5 canúintí na Gaeilge a aithint</p>
Léamh	<p>1.6 úsáid a bhaint as raon straitéisí díchódaithe cuí</p> <p>1.7 príomhshonraí a bhaineann le gnáthnithe coitianta a aithint i dtéacsanna* Gaeilge</p> <p>1.8 príomhtheachtaireachtaí a bhaint as téacsanna* Gaeilge a bhaineann leis an ngnáthshaol</p> <p>1.9 taitneamh a bhaint as téacsanna* ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt</p> <p>1.10 téacsanna* dílse a aimsiú agus a úsáid chun taighde a dhéanamh</p>

¹ **Pobal teanga:** pobal ina bhfuil an sprioctheanga á labhairt mar ghnáth-theanga cumarsáide i réimse an teaghlaigh agus i réimsí lasmuigh de

Labhairt	<p>1.11 teachtaireachtaí pearsanta cumarsáide a chur in iúl a bhaineann leis an ngnáthshaol</p> <p>1.12 téacsanna ó bhéal a chruthú, a chur i láthair ina aonar agus/nó mar bhall de ghrúpa agus tuiscint a léiriú ar lucht éisteachta</p> <p>1.13 focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn</p> <p>1.14 taitneamh a bhaint as bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge</p> <p>1.15 a stór focal pearsanta féin a threisiú ar ghnáthnithe agus ábhar ar spéis leis féin</p> <p>1.16 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh faoin méid atá cloiste aige</p> <p>1.17 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh bunaithe ar théacsanna* ábhartha Gaeilge</p> <p>1.18 tuairimí pearsanta a fhorbairt agus a chosaint ar nithe a bhaineann le hábhair ar spéis leis féin</p>
Idirghníomhú cainte	<p>1.19 idirghníomhú le comhscoláirí/le húsáideoirí eile Gaeilge (agus lasmuigh de phobail na scoile)</p> <p>1.20 freagairt do theachtairachtaí gan choinne le linn comhrá</p> <p>1.21 cumarsáid a choimeád sa siúl agus déileáil le deacrachtaí tuisceana</p> <p>1.22 soiléiriú nó athrá a lorg</p> <p>1.23 eolas a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú</p> <p>1.24 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha</p>
Scríobh	<p>1.25 téacsanna ábhartha a chumadh (ríomhphoist, blaganna, cuntais, téacsanna cruthaitheacha agus téacsanna ilmhódacha) le tuiscint ar lucht a léite</p> <p>1.26 dréachtú, léamh siar agus athdhréachtú a dhéanamh</p> <p>1.27 teachtaireachtaí scríofa a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha</p> <p>1.28 tuairimí pearsanta a chur in iúl agus a mhíniú</p> <p>1.29 freagairt phearsanta do théacsanna*</p>

* **téacs/téascanna** = Is féidir *téacs* a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga: teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach. Féach an sainmhíniú ar lch 16.

Snáithe 2:

Feasacht teanga agus chultúrtha

Forbhreathnú gairid ar an snáithe: Tugann an scoláire cruinnúsáid agus saibhreas teanga faoi deara. Tuigeann sé na difríochtaí suntasacha idir an Ghaeilge agus an Béarla chun míchruinneas a sheachaint sa labhairt agus sa scríobh. Déanann sé machnamh ar an gcaoi a noibríonn an teanga i dtreo is go sealbhóidh sé dul na teanga sa labhairt agus sa scríobh. Cuireann sé aithne mhaith ar bheochultúr na Gaeilge agus fásann meas ann ar an gcultúr sin agus ar phobal na Gaeilge agus spreagtar é leis an teanga a úsáid.

Gnéithe	Torthaí Foghlama
	<i>Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire</i>
Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras	2.1. difríochtaí suntasacha ó thaobh gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas a sheachaint 2.2. earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus na cúiseanna leo a thuiscint 2.3. patrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail, srl., a aithint agus a úsáid 2.4. litriú agus poncaíocht cheart a aithint agus a úsáid 2.5. taifead a choinneáil ar dhúshláin phearsanta a bhaineann le cruinnúsáid na teanga trí bhlag foghlama pearsanta a chruthú
Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga	2.6. gné(ithe) de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach 2.7. tionscnaimh/cur i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge
Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais	2.8 cosúlachtaí agus difríochtaí idir phobail ilteangacha a fhiosrú 2.9. a aistear pearsanta féin i dtreo an ilteangachais a léiriú

Snáithe 3:

Féinfheasacht an fhoghlaim

Forbhreathnú gairid ar an snáithe: Díríonn an scoláire ar na tréithe aonair atá aige féin mar fhoghlaim teanga. Tuigeann sé conas straitéisí foghlama atá oiriúnach dó féin a úsáid. Tuigeann sé an spreagadh pearsanta atá aige i leith fhoghlaim na teanga agus glacann sé úinéireacht phearsanta ar an teanga féin agus ar phróiseas sealbhaithe teanga.

Gnéithe	Torthaí Foghlama
	<i>Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire</i>
Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaim teanga	3.1. stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama a fhorbairt sna scileanna ar fad chun cur leis an bhfoghlaim éifeachtach 3.2. úsáid a bhaint as aiseolas mar fhoghlaim chun aidhmeanna foghlama pearsanta a leagan amach
Ag forbairt na foghlama féinriair	3.3. cinní neamhspleácha faoin bhfoghlaim a dhéanamh 3.4. féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn 3.5. aiseolas a roinnt le comhscoláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama 3.6. acmhainní teanga a úsáid (foclóirí agus ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.)
Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga	3.7. tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith fhoghlaim na teanga 3.8. aidhmeanna foghlama pearsanta a úsáid

G.1

Na Gnéithe Suntasacha

Nótaí

G.2

Spotsholas ar na Gníomhbhriathra

Nótaí

G.3

Gníomhphointí do mo Chleachtas Pearsanta

Nótaí

An tseachtain seo...

An téarma seo...

Sa chuid eile den bhliain...

Pleanáil Chomhtháite 3: Measúnú Foirmitheach

G.1

Eispéireas Foghlama a Dhearadh

Nótaí

G.2

Intinní Foghlama a Chumadh

Nótaí

G.3





Critéir Ratha a Chumadh

Nótaí

Critéir Ratha agus an Rúibric

Sa *Tellagami* an bhfuil mé ábalta:

- a rá cén fáth gur roghnaigh mé an scéal
- eolas a thabhairt faoin scéal agus faoi, ar a laghad carachtar amháin, sa scéal
- labhairt amach go soiléir i nGaeilge chruinn
- an Aimsir Chaite a úsáid i gceart
- míniú cén fáth ar thaitin nó nár thaitin an scéal liom
- cur síos a dhéanamh ar na scileanna a d'fhoghlaim mé san aonad foghlama seo.

Critéir Ratha				
A rá cén fáth gur roghnaigh mé an scéal seo	Tugann an scoláire pointe amháin eolais faoin chúis gur roghnaigh sé an scéal.	Tugann an scoláire níos mó ná pointe amháin eolais faoi na cúiseanna gur roghnaigh sé an scéal.	Tugann an scoláire roinnt mhaith eolais faoi na cúiseanna gur roghnaigh sé an scéal agus míníonn sé na cúiseanna sin.	Tugann an scoláire go leor eolais faoi na cúiseanna gur roghnaigh sé an scéal, an ról i bhí aige i roghnú an téacs agus míníonn sé na cúiseanna sin go cuimsitheach.
Eolas a thabhairt faoin scéal agus faoi, ar a laghad, carachtar amháin sa scéal	Tugann an scoláire pointe amháin eolais faoin ngearrscéal agus luann sé na carachtair.	Tugann an scoláire níos mó ná pointe amháin eolais faoin ngearrscéal agus déanann sé cur síos ar na carachtair.	Tugann an scoláire roinnt mhaith eolais faoin scéal agus déanann sé cur síos maith ar na carachtair. Déanann sé comhionannú le carachtar amháin.	Tugann an scoláire go leor eolais faoin scéal. Féachann sé ar an scéal go criticiúil agus déanann sé comhionannú le carachtar amháin ar a laghad.
Labhairt amach go soiléir	Tá an scoláire stadach agus neirbhíseach den chuid is mó.	Tá an scoláire soiléir ina chuid cainte den chuid is mó.	Tá an scoláire sách líofa agus soiléir ina chuid cainte.	Tá an scoláire líofa agus an-soiléir.
An Aimsir Chaite a úsáid i gceart	Úsáideann an scoláire briathra bunúsacha san Aimsir Chaite.	Úsáideann an scoláire réimse sách-leathan de bhriathra san Aimsir Chaite ach iad a bheith coitianta go leor.	Úsáideann an scoláire réimse sách-leathan de bhriathra san Aimsir Chaite ach iad a bheith cuinn ceart.	Úsáideann an scoláire briathra san Aimsir Chaite atá cruinn ceart agus cúpla ceann atá neamhchoitianta nó casta.
Míniú cén fáth ar thaitin nó nár thaitin an scéal liom	Deir an scoláire gur thaitin nó nár thaitin an gearrscéal leis.	Míníonn an scoláire fáth amháin gur thaitin nó nár thaitin an gearrscéal leis.	Míníonn an scoláire cúpla fáth gur thaitin nó nár thaitin an gearrscéal leis.	Míníonn an scoláire na fáthanna ar thaitin nó nár thaitin an gearrscéal leis go soiléir.
Cur síos a dhéanamh ar na scileanna a d'fhoghlaim mé	Tugann an scoláire pointe eolais faoi na scileanna a d'fhoghlaim sé.	Tuganna an scoláire níos mó ná pointe amháin eolais faoi na scileanna a d'fhoghlaim sé.	Tugann an scoláire cur síos sách leathan ar na scileanna a d'fhoghlaim sé.	Tugann an scoláire cur síos criticiúil ar na scileanna a d'úsáid sé agus luann sé conas iad a úsáid i suíomhanna difriúla.

Nótaí

Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)

Seirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin | Bóthar Ard Mhacha | Muineachán

Teil.: (047) 74008

Oifig an Stiúirthóra:

BOOLM | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan

Teil.: (042) 936 4603

Féach rannóg na Gaeilge ar:

www.jct.ie

Córas Giolcaireachta:

@jctGaeilge | @JCforTeachers



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers